Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6184/26**

**SOC 70**
**EMPL 28**
**EDUC 43**
**JEUN 25**
**ECOFIN 177**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg: Na Príomhtheachtaireachtaí<br>- *Formhuiniú* |

D'fhonn go bhformhuineofar iad ag cruinniú na Comhairle (EPSCO) an 9 Márta 2026, gheobhaidh na toscaireachtaí thíos Príomhtheachtaireachtaí an athbhreithnithe ón gCoiste Fostaíochta ar chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg, arna dtarchur ag an gCoiste sin (EMCO).

Is féidir teacht ar chonclúidí tír-shonracha athbhreithniú an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme na ráthaíochta don aos óg in 6184/26 ADD 1.

**Athbhreithniú EMCO ar chur chun feidhme Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú**

**Na Príomhtheachtaireachtaí don Chomhairle**

## 1. Réamhrá

**Tá sé de chúram ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i gcur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú.**[1] In 2021, dhírigh an Coiste ar thionchar díréireach ghéarchéim COVID-19 ar dhaoine óga, agus machnamh á dhéanamh aige ar na céimeanna a rinneadh sna Ballstáit uile i dtreo cur chuige níos córasaí agus níos comhleanúnaí chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht agus an neamhghníomhaíocht i measc na hóige, in ainneoin na paindéime. In 2023, thug an Coiste dá aire go bhfuil méadú tagtha ar éifeachtúlacht na gclár gníomhachtúcháin, agus go bhfuil feabhas tagtha ar sciar na n-imeachtaí tráthúla agus dearfacha ó scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

**In 2025, díríodh san athbhreithniú iltaobhach ar dhúshláin struchtúracha agus institiúideacha a shainaithint lena gcuirtear cosc ar lánpháirtiú inbhuanaithe daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) i margadh an tsaothair.** Léiríodh san athbhreithniú, a mhéid a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le NEETanna dífhostaithe agus neamhghníomhacha araon, go bhfuil roinnt Ballstát fós ag díriú go príomha ar ghníomhachtú traidisiúnta agus ar thacaíocht do mhargadh an tsaothair arna soláthar go príomha ag na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF). Cé go n-aithnítear gur mínithe bailí tábhachtacha iad ar neamhghníomhaíocht NEETanna, tá níos lú beart á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní, mar shampla freagrachtaí cúraim, inacmhainneacht tithíochta, easpa rochtana ar iompar inacmhainne, breoiteacht agus míchumais.

[1] In 2016, 2018 agus 2019, d'fhormhuinigh an Chomhairle (EPSCO) sraith de Phríomhtheachtaireachtaí a chuir EMCO ar fáil bunaithe ar an bhfaireacháin a rinne sé ar *Mholadh 2013 ón gComhairle maidir le ráthaíocht don aos óg a bhunú*. Leagadh béim iontu ar a thábhachtaí atá cosc, luath-idirghabháil, comhpháirtíochtaí láidre laistigh de na Ballstáit, chomh maith leis an ról ríthábhachtach atá ag na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta. Táthar ag leanúint d'fhaireachán a dhéanamh in EMCO, ó bhí 2021 ann, ar chur chun feidhme *Mholadh 2020 ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú*.

## 2. An dul chun cinn atá déanta

**Tá dul chun cinn déanta ag na Ballstáit uile maidir leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chur chun feidhme, go háirithe na Ballstáit sin ina bhfuil bearnaí móra fós, cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag céimeanna éagsúla ar fud na dtíortha agus na réigiún agus go bhfuil tionchar ag forbairtí maicreacnamaíocha níos leithne air freisin.** Is léir tionchar na dtreochtaí déimeagrafacha: de réir mar a thagann laghdú ar chohóirt níos óige, tá laghdú ag teacht freisin ar líon na NEETanna. An tráth céanna, léiríonn cion méadaitheach NEETanna neamhghníomhacha (i gcomparáid le NEETanna dífhostaithe) i measc tairbhithe féideartha agus cumhdach na scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg atá fós íseal i gcásanna áirithe acmhainneacht shuntasach gníomhachtúcháin nár baineadh leas aisti go fóill. Go deimhin, cé go mbaineann na NEETanna is fearr feidhmíochta bealaí amach dearfacha ó scéimeanna náisiúnta, níl go leor daoine óga neamhghníomhacha ag dul isteach sna cláir sin go fóill, rud a thugann le fios go bhféadfadh gá a bheith leis na scéimeanna sin a athmhúnlú.

**Chun freagairt ar na treochtaí sin, thuairiscigh na Ballstáit ar go leor athchóirithe le linn an athbhreithnithe, lena léirítear iarrachtaí leanúnacha agus tiomantas leanúnach chun an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme go hiomlán.** Go háirithe, áiríodh orthu sin gníomhaíochtaí chun SPFanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET), agus meaitseáil scileanna a neartú, chomh maith le deireadh a chur leis na bacainní ar fhostaíocht atá fós ann. D’ainneoin tiomantas forleathan, léiríodh san athbhreithniú bearnaí sa phleanáil straitéiseach, go háirithe an úsáid theoranta a bhaintear as cuspóirí, spriocanna agus measúnuithe tionchair córasacha atá sainithe go soiléir ar leibhéal an tionscadail agus ar leibhéal an chláir araon. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an easpa dearadh straitéiseach cuimsitheach agus meastóireachtaí tionchair ar an leibhéal náisiúnta chun tacú go héifeachtach le gach spriocghrúpa NEET.

**Tá difríochtaí suntasacha fós ann idir na Ballstáit maidir le rátaí cumhdaigh, agus iad go léir ag obair chun for-rochtain agus feasacht a fheabhsú.** Is dúshlán leanúnach fós é dul i gcion ar NEETanna neamhghníomhacha — go háirithe iad siúd nach bhfuil cláraithe in aon chóras. Mar gheall ar an aistriú leanúnach ón dífhostaíocht go neamhghníomhaíocht i measc an spriocghrúpa sin, tá sé ag éirí níos deacra dul i gcion ar na daoine óga sin, go háirithe i gceantair iargúlta nó thuaithe. Tá difríochtaí suntasacha inscne fós ann i roinnt Ballstát, agus tá gá fós le haird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí mar shampla Romaigh óga, imircigh, mná óga, daoine óga i gceantair thuaithe, daoine faoi mhíchumas, agus daoine óga a bhfuil fadhbanna sláinte acu, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an meabhairshláinte. Ar an iomlán, leagtar béim sna hathbhreithnithe ar an dúshlán a bhaineann le for-rochtain a chomhcheangal le soláthar seirbhíse comhtháite: cé gur féidir le cur chuige atá comhtháite go háitiúil seirbhísí saincheaptha a chur ar fáil agus comhar a chothú i measc institiúidí, páirtithe leasmhara agus soláthraithe seirbhíse, tá gá le comhordú láraithe chun a áirithiú go gcumhdófar gach réigiún agus go gcuirfear seirbhísí ar fáil go comhsheasmhach.

**Tá feabhas tagtha ar mhapáil NEETanna agus ar na seirbhísí atá ar fáil i bhformhór na mBallstát, agus tuairiscíonn go leor acu foinsí agus ionstraimí maithe.** Mar sin féin, is é an dúshlán atá ann aghaidh a thabhairt ar rialacha cosanta sonraí chun comhoibriú go héifeachtúil agus sonraí pearsanta a mhalartú idir institiúidí nó seirbhísí, agus béim á leagan ar chomhbhabhtáil chasta idir for-rochtain agus príobháideachas. Leag na toscairí béim ar a thábhachtaí atá cineálacha cur chuige trasearnála agus soláthar seirbhíse atá comhtháite go háitiúil, agus cothromaíocht á baint amach idir seirbhísí áitiúla saincheaptha ardcháilíochta agus comhordú lárnach chun rochtain chothrom a áirithiú ar fud na réigiún. Is féidir le comhpháirtíochtaí áitiúla réitigh nuálacha a chothú lena mbaineann gníomhaithe sochaíocha iomadúla, cé go bhfuil dúshláin chomhordúcháin ag baint leo freisin.

## 3. Na dúshláin atá fós ann

**Tá dúshláin institiúideacha ann ar fud fhormhór na mBallstát a chuireann bac ar sheachadadh éifeachtach scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg.** Áirítear orthu sin mímheaitseálacha scileanna, lena n-áirítear ailíniú neamhleor an oideachais agus na hoiliúna le héilimh mhargadh an tsaothair; fadhbanna sláinte, go háirithe meabhairshláinte, a fheidhmíonn mar bhacainní suntasacha do go leor NEETanna; tacaíocht theoranta bhonneagair, mar shampla infhaighteacht seirbhísí cúraim leanaí agus iompar poiblí; chomh maith le dúshláin shocheacnamaíocha leanúnacha, lena n-áirítear inacmhainneacht tithíochta.

**Sa bhreis ar na bacainní institiúideacha sin, tá bacainní struchtúracha agus pearsanta fós roimh dhaoine óga a dhéanann difear dá rochtain ar scéimeanna na Ráthaíochta don Aos Óg.** Áirítear orthu sin leibhéil cháilíochta ísle, a éilíonn athsciliú nó uas-sciliú; níl na margaí saothair fós in ann ionchais na hóige a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu a chomhlíonadh; dearcthaí diúltacha fhormhór na bhfostóirí i leith daoine óga; chomh maith le cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste, mar shampla máithreacha óga, Romaigh, imircigh, nó daoine óga faoi mhíchumas.

**Chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin, tá go leor bearta coisctheacha curtha chun feidhme ag na Ballstáit, lena n-áirítear comhar méadaithe le scoileanna, soláthar faisnéise níos fearr, agus for-rochtain spriocdhírithe.** Sa chomhthéacs sin, is uirlis bheartais ríthábhachtach i gcónaí í an Ráthaíocht don Aos Óg chun scileanna riachtanacha a thabhairt do dhaoine óga, lena n-áirítear scileanna bunúsacha agus scileanna sóisialta araon. Braitheann roinnt Ballstát go mór ar chistiú ón Aontas, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), rud a fhágann go bhfuil comhtháthú seirbhísí éifeachtacha i mbuiséid náisiúnta ríthábhachtach chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

## 4. Conclúidí

**Ar an iomlán, cuireadh i dtábhacht san athbhreithniú — in ainneoin tiomantas forleathan — go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun comhordú a neartú i measc gníomhaithe laistigh d'éiceachóras na Ráthaíochta don Aos Óg.** Áirítear leis sin feabhas a chur ar mhalartú sonraí, seirbhísí a chomhtháthú ar fud na n-earnálacha, aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha agus pearsanta leanúnacha, agus inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach a áirithiú. I measc na gcleachtas a bhfuil gealladh fúthu a sainaithníodh le linn an athbhreithnithe a d'fhéadfaí a mhéadú ar fud na mBallstát tá comhpháirtíochtaí áitiúla nuálacha, úsáid uirlisí digiteacha, mar shampla an intleacht shaorga, liúntais soghluaisteachta chun tacú le hoiliúint, agus tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí leochaileacha. Leag na toscairí béim ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht níos spriocdhírithe agus níos pearsantaithe fós a chur ar fáil do dhaoine óga, mar aon le pleanáil straitéiseach níos córasaí agus meastóireachtaí tionchair chun éifeachtacht scéimeanna Ráthaíochta don Aos Óg a thomhas.